

NÍ HUALACH DO DHUINE AN LÉANN:

MEITHLEACHA POBAIL INGORT NA GAEILGE

ÚNA BHREATHNACH, CIARÁN MAC MURCHAIDH, GEARÓID Ó
CLEIRCÍN, BRIAN Ó RAGHALLAIGH

Sa pháipéar seo, tugtar léargas ar an obair atá déanta ag meithleacha pobail dúchas.ie agus logaim.ie, dhá thionscadal ina bhfuil gnáthbháill den phobal rampháirtíteach i dtraigheáidis agus logaimmíochta i bpáirt le taighdeoirí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Coláistí na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD) agus an Bráinse Logaimmeacha sa Roimh Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (BL). Pléitear an suauthoinsíu mar coincheap i dtosach báire agus luitéar roinnt samplaí a léiríonn na buntaisti a bhaineann leis mar chur chuige i réimse na ndaoonmachtaí. Breathnáitear chun cinn ar dheiseanna eile le teacht i dtír ar an gcineál éolais is minic a bhíonn ag an bpobal, e.g. éolás i dtaca le sloinnte Gaeilge nó an tírdhreach áitiúil, etc.

An suauthoinsíu nó an saoránach mar éoláí

Is téarma measartha nua é ‘suauthoinsíu’ atá tar éis teacht i dtreis go mór sa saol acadúil le deich mbliana anuas. Níl an coincheap féin – duine, eagraíocht, gnólacht nó institiúid a bheith ag teacht i dtír ar an bpobal chun sprioc áirithe a bhaint amach – chomh nua céanna, ar ndóigh. Áirítear an *Oxford English Dictionary* (OED) ar cheann de na chéad tionscadail a bhain leas as múnlacha suauthoinsithe. Faoin gClár Léitheoireachta, a bunaoadh in 1857, iarradh ar léitheoirí deonacha sleachta athfhriotal a léirigh ceartúsáid focal áirithe Béarla a sheoladh isteach chuig lucht an fhoclóra.¹ Sampla luath eile den suauthoinsíu, níos gaire don bhaile, ba ea Scéim na Scol, a réachtáil Coimisiún Béaloideasa

Éireann sna 1930idí, inar iarradh ar na mílte gásúr scoile scéalta béaloidis a bhailiú óna lucht aitheantaí. Cé nach obair dheonach a bhí ann go huile is go hiomlán, sa mhéid is gur bhain sé le clár oibre na scoileanna, bhlíothas ag brath ar éolás agus ar dhea-thoil ghaolta agus chomharsana na leanáí chun an tábhar a chur ar fáil.

Baineann an difear is mó idir coincheap an tsuauthoinsithe sa lá atá inniu ann agus leithéidí OED agus Scéim na Scol le cursai teicneolaíochta. Glactar leis anois go mbíonn tionscadail tsuauthoinsithe á reáchtáil ar líne agus is iondúil go mbíonn suíomh idirlín nó comhbhádan gréasáin ag gach tionscadal nó feachtas chun úsáideoirí a mhealladh, a chur faoi oilíunt, agus a riar. Tá sé sin le tuiscint ón sainmhíniú a thugann OED ar ‘crowdsourcing’:

The practice of obtaining information or services by soliciting input from a large number of people, typically via the Internet and often without offering compensation.²

Molann Estellés-Arolas agus González-Ladrón-de-Guevara (2012) sainmhíniú i bhfáid níos cuimsithí, áfach:

Crowdsourcing is a type of participative online activity in which an individual, an institution, a non-profit organization, or company proposes to a group of individuals of varying knowledge, heterogeneity, and number, via a flexible open call, the voluntary undertaking of a task. The undertaking of the task, of variable complexity and modularity, and in which the crowd should participate bringing their work, money, knowledge and/or experience, always entails mutual benefit. The user will receive the satisfaction of a given type of need, be it economic, social recognition, self-esteem, or the development of individual skills, while the crowdsourcer will obtain and utilize to their advantage what the user has brought to the venture, whose form will depend on

² Féach OED Online, s.v. *crowdsourcing*. Ar fáil ag:
<https://www.oed.com/view/Entry/376403?rskey=4YoMei&result=2&isAdvanced=false> [ceadaithé 27 Eanáir, 2020].

¹ Féach <https://public.oed.com/history/reading-programme/#learning-to-read>.

the type of activity undertaken. (Estellés-Arolas agus González-Ladrón-de-Guevara 2012)

Téarma eile atá in úsáid go forleathan chun tagairt a dhéanamh do thionscadail ina gcuireann bail den phobal saineolas ar fáil chun sprioc áirithe taighde a bhaint amach is ea ‘eolaiocht saoránach’. Tá ciall an choincheapa seo níos cúinge ná coincheap an tshuafoinsithe agus tagraionn sé go hiondúil do thionscadail acadúla ina n-iarrtar ar an slua sonrú eolaiochta áirithe a chur ar fail ar bhonn rialta. Tá an t-idirthealú seo soiléir ó shainmhíniú OED ar ‘citizen science’ a luann ‘scientific work’ go somrach:

Scientific work undertaken by members of the general public, often in collaboration with or under the direction of professional scientists and scientific institutions.³

Sampa maith de thionscadal den sórt sin is ea an Itonad Náisiúnta le Sonrai Bithéagsúlachta,⁴ atá á mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta i bpáirt leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, faoina dtuairiscíonn breis agus 3,000 ball deonach nuair a fhaigneann siad radharc ar specis éagsúla de chuid na hÉireann.

Tá sé de bhuntaiste ag an sluafoinsíu, ó thaobh an taighdeora de, gur féidir go leor oibre a dhéanamh ar chaostas íseal agus go ndaraitear próifil an taighde fén trí rampháirtíocht an phobail satogra a mhéadú. Maidir leis na rampháirtithe, is féidir leo siúd scileanna nua a sheallbhú, agus biomn sásamh le baint as páirt a ghlaicadh i dtionscadal taighde. Tá dúshláin ann chomh maith, áfach. Ní mór don taighdeoir an slua ceart a aimsiú agus ní mór bheith cinnle go bhfuil an tasc indéanta agus na scileanna cui ag an slua sin. Gan dabht, tá neart tascanna ann nach mbeadh

oiriúnach do chur chuige sluafoinsithe toisc iad a bheith rótheicniúl nó an líon daoine a mbeadh an t-eolas ná na scileanna cui acu a bheith róthearc. Biom ualach riarrachán i gceist agus teastaíonn tacáiocht agus ceannaireacht ó na rampháirtithe. Ní obair saor in aisce ná saor ó dhua atá i gceist, dá bhí sin. Ní mór, chomh maith, aghaidh a thabhairt go cúramach ar cheisteanna cóipchírt agus cosanta sonrái (Franzoni agus Sauermann 2014). Is é *Transcribe Bentham*⁵ an tionscadal is mó a chuir ar shúle foireann Gaois⁶ na féidearthactaí a bhain leis an sluafoinsíu i dtaca le tras-scriobh lámhscribhinní. Cuireadh spéis go háirithe sna ceachtanna a bhí foghlamtha ag foreann an tionscadail sin maidir le (i) cineál agus nósanna na dtrs-scriobhaithe, (ii) caighdeán na nolbre deonaí (a bhí an-ard), agus (iii) luach ar airgead a leithéid de thionscadal (Causier agus Terras 2014; féach freisin Causier *et al.* 2018). I dtaca le réimse na logainmniúchta, tá scagadh cuimsitheach déanta ag Perdana agus Ostermann (2018) ar thionscadail taighde a bhaineann leas as an sluafoinsíu chun logainmneacha agus sonrái geografacha eile a bhailiú ón bpobal.

An sluafoinsíu i gcomhlítheács na hÉireann

Maitear gurbh é *Letters 1916-1923*⁷ a tionscaíodh in Ollscoil Mhá Nuad in 2013 an chéad tionscadal rannpháirtíochta daonnaíchtaí digiteacha in Éirinn. Baillíochán digitéach atá i gceist de litreacha ón tréimhse chorraíteach úd i stair na hÉireann atá i seilbh institiúidi éagsúla agus sacránaigh ar fus na hÉireann agus thar lear. Iarrtar ar bhail den phobal litreacha a chur ar fáil ná a thras-scriobh. Ní tionscadal é a bhaineann le cursáí Gaeilge go háirithe (í mí Feabhra 2020, ní raibh ach 14 litir Ghaeilge ar fáil le tras-scriobh ach 2,941 i mbEárla).

⁵ Féach <https://blogs.ucl.ac.uk/transcribe-bentham/> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

⁶ Is grúpa taighde é Gaois in Fiontar & Scoil na Gaeilge i nDáimh na nDaonnaíchtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a bhfuil léachtóiri, taighdeoirí agus mic léinn iarrchéime páirteach ann.

⁷ Féach <http://letters1916.maynoothuniversity.ie/> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

³ Féach OED Online, s.v. *citizen*. Ar fáil ag: <https://www.oed.com/view/Entry/33513?redirectedFrom=citizen+science> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

⁴ Féach <https://www.biodiversityireland.ie/> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

Déanann Ryan *et al.* (2018) cur síos ar thionscadal sluaftoinsithe a réachtáadh i Roimh na Tireolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad, le mic léinn a chur ag tras-scriobh seantaifid aimsire. Aithníonn na húdair na buntáistí a bhainneann le mic léinn a chur ag obair an ‘fhíorthionscadail’:

Students represent a pool of interested, qualified and instructor-guided talent that could, if harnessed, significantly accelerate progress in historical data rescue (Ryan *et al.* 2018: 1757).

Déantar cur síos ar an tasc inar thras-scriobh mic léinn i mbliain na céime sonraí frasaíochta as seanchaípésí. Bhiothas an-sásá le tortháй agus le caighdeán na hoibre sin agus cuireadh na sonraí ar fáil do Met Éireann mar acmhainn taighde clíomeoíaochta.

Sampa as Nua-Eabhrac a bhaineann leis an nGaeilge é *Irish Speakers and the Empire City*.⁸ Tionscadal de chuid an Glucksman Ireland House a bhí i gceist. Iarradh ar dhaoine an daonáireamh ó 1910 a chuardach chun oibriú amach cé a labhair Gaeilge i Nua-Eabhrac an uair sin.

Cé nach suua atá i gceist, ní miste obair an Riomhacadaimh a lúa anseo, freisin, meitheal bheag a dhéanann obair dheonach ar líne ar son na Gaeilge. Grúpa é seo atá ag diríu ar logánú bogearraí amhai Gmail agus WhatsApp chomh maith le táirí foinsé oscailte. Tá os ciomh 1.35 milliún focal aistríthe ag aon bhall déag go dáta.⁹

Sampa a bhaineann le logainmíocht na hÉireann is ea Mountain Views,¹⁰ a bhailíonn ammneacha agus sonraí mullai siabhraonta ó phobal siúlóiri agus sléibhteoirí.

Ba léir do thaighdeoirí Gaois gurbh shiu cur chuige an tsluathointse a thriall i gcomhthéacs na Gaeilge agus is uaidh bhealach é le tionscadal Dúchas a phoiblí i gcónagar, go háirthe mar acmhainn oideachais. Measadh go ndéanfai 8–10,000 leathanach a thras-scrióbh in imeacht bliana ach go

sin a tháinig an chéad sampla a phléitear thíos, Meitheal Dúchas.ie.

Meitheal Dúchas.ie: forbairt an choinchéapa

Is é Dúchas tionscadal digitithe Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ), atá á fhorbairt ag foireann Gaois i gcomhpháirt le CBÉ ó 2012 i leith. Cuimsíonn sé leagan digitithe agus innéacsaithe de Bhailiúchán na Scol, abhar as an bPrionhbhailiúchán Lámhscribhinni agus an Bailiúchán Grianghraf.

Tugadh facin bpleanáil do Mheitheal Dúchas.ie go luath in 2014 agus an grúpa taighde faoi anáil thionscadal *Transcribe Bentham*, mar a luadh thusa. Aithníodh go raibh gá le cuardach lántéacs ar ábhar Bhailiúchán na Scol, rud a chuirfeadh ar chumas úsáideoirí Dúchas taighde i bhfad níos éifeachtaí agus níos cuimsithí a dhéanamh ar ábhar na scéalta. An deacracht a bhain leis an spríoc sin ná an téacs a aistriú ó na híomháinna scanta de na bun-chóipleabhair go dtí formáid inchurdaíte téacs. Cé go bhféadfai tabhairt faoi thasc mar seo trí leas a bhaint as aithint optúil carachтар (OCR), níor measadh go mbeadh an toradh sách cruinн mar gheall ar mhianach an ábhair: meascán teangacha, an dá chló (róinbhánach agus gaelach), litriú Gaeilge réamhchaighdeánach agus ilghnéitheacht na peannaireachta. Dá bhí sin, ní raibh de rogha fágtha ach tabhairt faoi na scéalta a thras-scrióbh ceann ar cheann, tasc a bheadh i bhfad róchostasach dá mbeadh foireann le fostú chun tabhairt faoi ach a d’fheilfeadh go seoigh do phobal deonach sluaftoinsithe.

Bhí an Roimh Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sásta maoiniú bliana a chur ar fáil chun an fothionscadal nua a fhorbairt, le go bhféadfai ábhar Gaeilge ó Bhailiúchán na Scol a chur á thras-scrióbh (cuireadh an Béarla ar fáil ina dhiaidh sin). Ní rabhthas címte in aon chor go n-éireodh leis ach braitheadh gur bhealach é le tionscadal Dúchas a phoiblí i gcónagar, go háirthe mar acmhainn oideachais. Measadh go ndéanfai 8–10,000 leathanach a thras-scrióbh in imeacht bliana ach go

⁸ Féach <https://www.nyuirish.net/irishlanguagehistory/> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

⁹ <https://riomhacadamh.wordpress.com> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019] agus comhfheagras pearsanta.

¹⁰ Féach <https://mountainviews.ie> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

mbeadh ar eagarthóirí de chuid an tionscadail am a chaitheamh ag tras-scriobh chomh maith, leis an sprioc sin a bhaint amach.

Forbraiodh an comhéadan tras-scriofa go himmheánach bunaithe ar a raibh le foghlaim ó thionscadail eile. Tuigeadh go mbeadh gá le comhéadan an-simplí le fiorbheagan treoracha. Is éard atá i gceist le Meitheal Dúchas, ie go bunúsach ná bosca téacs taobh leis an iomhá den lámhscríbhinn inar féidir an téacs a chóipeáil isteach móide cnaipe chun an toradh a shábháil. Tá treoracha bunúsacha ar fáil ar an leathanach baile.

Seoladh an Mheitheal go hoifigiúil i mí Aibreáin 2015. Caitheadh cuid mhaith dua, an chéad bliain sin, le poiblíocht faoin tionscadal. Scriobhadh blagmhíreanna rialta agus cuireadh ábhar ar na meáin shóisialta chun an tionscadal a phoiblíú agus chun na rampháirtithe a ghrioscú. Fuarthas poiblíocht luachmhar sna meáin Ghaeilge agus le hagallamh a rinne Anna Bale ó CBÉ ar an *History Show* ar RTÉ Raidió 1. Scapteadh an scéal ag comhdháilachá (Léachtá Cholm Cille XLVI agus Daonscoil na Mumhan) agus dearadh póstaír agus bróisiúir. Foilsíodh alt faoin Meitheal i nuachtáin Gaelscoileanna agus dáileadh bileoga eolais ag an Tionól Teagaisc. Foilsíodh fogra in *Books Ireland* agus cláraíodh an Mheitheal le bunachar sonrai Volunteer Ireland.

Torthaí

Agus an tionscadal cùig bliana ar an bhfód ó mí Aibreáin 2020, ní misite síuil a chaitheamh ar na tortháí a bhaineann leis go dtí seo. (Bhí na sonrai ceart ar an 1 Eanáir 2020.) Tá 5,507 ball sa Mheitheal, agus líon ard (nach féidir a mhéas go beacht) úsáideoiri rialta anaithníde. Tá 231,942 leathanach tras-scriofa ag na bailí sin agus 36,202 (15%) de sin i nGaeilge. Tugadh faoi deara (agus tagann sé seo le taithí tionscadal comhchosúil eile) go bhfuil líon beag ‘sár-bhall’ sa Mheitheal a bhfuil an-chuid den ábhar tras-scriofa acu. An té is mó obair, tá 24,729 leathanach tras-scriofa aige agus tá 83,756 leathanach nó 36% den iomlán tras-scriofa ag deichniúr sár-bhall.

Ní bhíonn teagmháil rialta ag foireann an tionscadail leis na bailí seachas má thagann siad chugainn le fiosrúchán nó ceartúchán. Is deacair, mar sin de, an spreagadh atá acu le tabhairt faoin tras-scriobh a mheas go beacht. Léiriú ar a mbíonn i gceist ina meon síud, mar sin féin, is ea an méid a scriobh ball amháin den Mheitheal sa slocht seo thíos in 2015:

Tá sé tábhactach go mbeadh fail ar na rudai seo ag daoine b'fhéidir a mbíonn duai acu an tseanscribhinn Ghaeilge a léamh dóibh féin. Tá daoine ann a dúirt liomsa nach léann siad na seanscéalta ná na seanleabhartha mar gheall ar an seanchlo gaelach nár muineadh dóibh ar scoil. Dá bharr sin is móir an rud é an t-athscríobh digiteach seo a bheith ar fáil. (Gaois.ie 2015)

Sampláí úsáide

Díriodh roinnt mhaith iarrachtaí poiblíochta ar earnáil an ardoideachais in Éirinn agus thar lear.¹¹ Luadh gur féidir an Mheitheal a úsáid mar áis teagaisc do rang a bheadh ag diriú ar chúrsai béaloidis, cúrsái staire, ar léamh lámhschríbhinní nó ar an gcanúinéolaiocht. Tagann na trí shampia thíos as earnáil an oideachais.

Mar chuid dá gcursa ‘Irish Folklore (English 4577.01)’, iarradh in 2015 ar mhic léinn in Ohio State University tras-scriobh a dhéanamh ar ábhar Béarla as Baillíochán na Scol. Dar leis an Dr Ray Cashman (comhfhreagras pearsanta) go raibh nasc le hÉirinn ag an leathchuid de na mic léinn a ghluac páirt ann agus gur mhór acu an nasc seo lena n-oidhreacht Éireannach. Is é an rud ba thábhactháil do na mic léinn, áfach, go raibh siad rampháirteach i gcaomhnú oidhreachta cultúrtha ar bhealach an-phraiticiúil. Ghlac 29 mac léinn páirt sa tionscadal agus ríme siad tras-scriobh ar 3,976 leathanach Béarla: sin 137 an duine, ar an meán.

¹¹ Féach, mar shampa, <https://www.gaois.ie/blg/ga/méitheal-mar-ais-triú-leibheal/> [ceadaithé 6 Nollaig 2019].

Bhain daltaí as Scoil Mhaodhóig, Fiadh Ard, Contae Loch Garman, úsáid as Meitheal Dúchas mar thionscadal rang:

As we prepared to move to our new school, and our old school was being demolished, we thought it would be a cool idea to play our part in transcribing the material from our school, and so, 1st and 6th class came together to work as historians and transcribe the stories from Poufur National School. This initiative ticked so many boxes for us, and gave many rewards to the children. It gave them an opportunity to work together, to learn about places, archaeological features, events and stories from their community. It was also an opportunity to learn about how some things have changed and others have stayed the same over those years. We followed this up by collecting our own stories of life in school, and compared them with stories that had been collected. (Gaois.ie 2017)

Agus in 2019 bhuaigh beirt scoláirí as Scoil Ospidéil an Rí, Baile Átha Cliath, duais Eoláí Óg na Blíana sa rannóg Eolaíochtaí Iompraíochta agus Sóisialta agus Gradam Speisialta ón gComhairle um Thaighde in Éirinn le tionscadal bunaithe ar thras-scribhinni Bhailiúchán na Scol. D'úsáid Kate Bagnall agus Bobbi Beattie mata agus statistictí chun patrún agus úsáid focal a lorg i scéalta as scoil i gContae na Mí, agus iad a chur i gcomparáid le scéalta nuascríofa béaloidis as an gceantair céanna.¹²

Úsáid na dtorthaí

Ta cúpla bealach ina mbaintear agus ina mbainfear úsáid as an abhar atá tras-scriofa ag baill na Meithele. Ar an gcéad dul sios, feabhsaíonn sé an cuardach téacs ar an suiomh. I gcais na scéalta atá tras-scriofa, is féidir tortháil a fháil as an téacs uile agus ní díreach an teideal. Tá líon ard cuardach téacs (1.9M cuardach in 2019) á ndéanamh ar an suiomh agus tá gniomháiocht na Meithele

¹² Féach <http://research.ie/what-we-do/loveirishresearch/blog/irish-research-council-special-award-winners-at-the-2019-bt-young-scientist-technology-exhibition/> [ceadaith 6 Nollaig 2019].

ag cur le beaichte na gcuardach sin go seasta. Chun an cuardach téacs seo a fheabhsú a thuilleadh, forbraiodh áis sa chuíra le caighdeánú (le caighdeánaitheoir a dhear an ríomhtheangeolaí Kevin Scannell) agus meaisínaistriú (le hinneall meaisínaistriúchán forbartha ag taighdeoiri in ionad ADAPT, DCU) a dhéanamh ar an téacs chun go bhfaighidh cuardach Béarla tortháil as an abhar Gaeilge agus a mhalaire. Tá cur síos ar fhobairt an chórais sin in Ó Raghnalláigh *et al.* (2019).

Ar an dara dul síos, tá corpas mór (dhá chorpas aonteaingacha ó cheart, ceann Béarla agus ceann Gaeilge) cruthaithe a bhíonn ag fás de shíor. Bheifí in ann é sin a úsáid le feabhas a chur ar an aithint optúil carachtar ar chló gaelach agus ar ábhar láimhscríofa Gaeilge. Tá deseanna suntasacha taighde ann, chomh maith, analís teangeolaíochta corporashunaíthe a dhéanamh ar Ghaeilge láir na haoise seo caite agus ar Bhéarla na hÉireann sa tréimhse chéanna.

Todhcháí na hoibre

Is folnas gur fiú go mór leanúint leis an tionscadal seo agus, go deimhin, é a leathnú. Tá baill na Meithele ag cur le líon na bhfocal tras-scriofa i gcomórla agus tá sciar maith leathanach (46% den iomlán) i mBailiúchán na Scol fós le tras-scriobh. Tá ábhar as an bPríomhbhailiúchán Láimhscríbhinni á fhoilsíú ar suiomh Dúchas ó dheireadh 2018 i leith, agus beifear in ann é sin a thras-scriobh amach anseo chomh maith.

Tá bailiúchán grianghraif ar an suiomh, chomh maith, agus d'fhéadfáí iarráidh ar bhailí na Meithele daoinne agus áiteanna sna grianghraif sin a athint agus a chilbeáil. Ba thasc an-éagsúil é sin, ar ndóigh, agus ní gá go mbeadh an t-eolas cui ag go leor de na baill reatha ach b'fhíu a leithéid a thriail ar aon chuma.

Cuirfear taifeadtaí fuaimé ó bhailiúchán fuaime CBÉ leis an suiomh amach anseo agus d'fhéadfáí leas a bhaint as an shuahionsú chun giotáí den ábhar sin a thras-scriobh. Os a choinne sin, is cosúil go mbeadh sainscileanna teanga de dhíth (sárthuiscent ar na canúinti, go háirithe) chun tabhairt faoi obair

mar seo agus ní gá go bhfeilfeadh a leithéid chomh maith céanna don suua.

Sampa 2: Meitheal Logainm.ie

Is é Logainm Bunachar Logainmneacha na hÉireann, agus forbraíonn foireann Gaois é i gcomhpháirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá an Brainse freaghrach as leaganacha údarásacha Gaeilge de logainmneacha riarrachán na tire a chur ar fáil don úsáid oifigiúil agus phoiblí. Tugtar stádas dlíthiúil do na foirmeacha a dhéanann an Bráinse trí Ordú Logainmneacha, a dhéanann an tAire Stáit um Ghnotháí Gaeltachta. Nil an Brainse freaghrach as sráidainmneacha na tire, cé go guireann siad comhairle ar fáil ina leith nuair a iarrtar sin orthu. Nil siad freaghrach, ach oiread, as mionainmneacha na tire agus is ar na logainmneacha sin atá an tionscadal eile sluafhoinisithe atá á réachtáil ag grúpa taighde Gaois dirithe, Meitheal Logainm.ie.

Cé gur deacair saimhiniú beacht a thabhairt ar ‘mionlogainm’, i gcomhthéacs an tionscadail seo is é is bri leis logainm nach bhfuil ina ainn riarrachán. I measc na mionainmneacha áiritear ainmneacha gnéithe fisiciúla, mar shampa, páircéanna, lochanna, aibhneacha, báonna, cinn tire, oiléain, sléibhte agus cnoic, mar aon le haimmneacha gréithe saorga, mar shampla, séipéil, mainistreacha, reilligi, droichid agus crosbhóithre. Cuireann muintir na hÉireann – agus muintir na Gaeilge – spéis mhór san ainmneolaíocht, agus a shliocht sin ar lón na leabhar, na léarscáileanna, na dtráchtas agus na suiomhanna i idirlín a léiríonn taighde aonair nó grúpa ar logainmneacha i gceantair faoi leith.¹³ Faraor, ní i gcónaí a bhíonn fáil leathan ar thordh na hoibre sin, go háirithe an chuid de a bhaineann le mionlogainmneacha loganta ar nós ainmneacha páirce. Go minic, is go háitiúil a fhoilsítear an taighde sin agus ní bhíonn maoniu

fadtéarmach ar fáil chun acmhainní ar líne a choinneáil beo agus suas chun dáta, más ann dóibh in aon chor. Go deimhin, is fadhb aitheanta í seo sna daonnachtáí dígiteacha trí chéile. Don té atá ag déanamh taighde úr ar mionlogainmneacha, teastaíonn áis chun taifeadadh a dhéanamh ar an taighde agus ba chóir go gcoimeádfai an taighde sin slán, sábháilte agus go stóralfaí go struchtúrtha é. Níor chóir go gcurfí am an taighdeora amú le cruthú córais nua, nó le córas atá ciotach nó nach bhfuil dírithe ar an sprioc.

D’aithín foireann Logainm, tar éis dóibh a bheith ag plé leis na logainmneacha riarrachán ar feadh na mblíanta, go raibh gá le háis chun dul i ngleic leis na riachtanais éagsúla seo i réimse na logainmociotha; *taighde criochnaithe a shábháil is a roinnt agus taighde nua a éascú, a shábháil, is a roinnt*. Cé go bhfuil an obair seo éagsúil ó obair an Bhrainse Logainmneacha agus Logainm, braitheadh gur dearbhú tábhachtach cairghdeán é go mbeadh sí naschá leis an tionscadal sin.

Forbraíodh Meitheal Logainm.ie in 2015 mar urlís shluafhoinisithe lenar féidir mionainmneacha a thaifeadadh i mbunachar sonrai poiblí agus iad a roinnt ar líne. Is gá d’úsáideoirí cláruí agus ansin is féidir leo mionainm a thaifeadadh ach spota a roghnú ar léarscáil idirghníomhach agus foirm shimplí a chomhlánú. Córás féinrialaithe is ea é sa mhéid gur féidir le húsáideoirí obair a chéile a cheartú. Is féidir leas a bhaint as sonrai GPS ar ghuthán poca chun suíomh a bheachtaí agus tá áis taifeadta fuaimé ann a ligean don taighdeoir fuaimiú an logainm a thaifeadadh, acmhainn an-úsáideach agus obair pháirce ar siúl. Déanann foireann Logainm modhnóireacht éadrom ar aighneachtaí na n-úsáideoirí. Tá taighdeoirí aonair agus grúpái taighdeanois in ann a gcuind taighde ar mionainmneacha, móide sonrai eile, a chur le bunachar sonrai lárnach agus fáil a bheith ar na sonrai sin ar líne. Tá an suíomh scártha ó www.logainm.ie féin. Seoladh Meitheal Logainm.ie ag ceardlann réamhchomhdhála dar theideal *Uirlisiú chun mionlogainmneacha a chomhroinnt* mar chuid de chomhdháil SNSBI (Society for Name Studies in Britain

¹³ Tá liosta de na foinsí mionlogainmociotha ar fáil ag <https://meitheal.logainm.ie/ga/eolas/foinsi/> [ceadaíthe 6 Nollaig 2019].

and Ireland) ar an 14 Aibreán 2016, agus arís ag an gComórtas Treabhdóireachta i Meán Fómhair na bliana sin.

Tortháí

Agus an tionscadal ar an bhfód le ceithre bliana annas, beagnach, seo mar atá cúrsai (deimhnithe ar an 1 Eanáir 2020). Tá 45,295 taifead cruthaithe, agus baineann 38,049 acu sin le bailiúchán a chruthaigh eagarthóirí Gaois as ábhar a chuir grúpaí nó taighdeoirí ar fáil. Baineann an 7,246 taifead eile le hobair a d'ionchuir taighdeoirí aonair. Tá 424 ball aonair sa Mheithéal agus dála Mheithéal Dúchas.ie, tá líon beag sár-úsáideoirí atá an-ghníomhach – tá 11 úsáideoir a bhfuil níos mó ná 100 taifead an duine cruthaithe acu. Cuireadh mionainm Gaeilge le 10,631 (23%) de na taifid uile.

Samplai úsáide

Sna trí shampla seo thíos feicfear go bhfuil Meithéal Logainm.ie á úsáid chun ábhar a cruiimíodh cheana a chaomhnú agus a scaipeadh, mar áis do thaighdeoirí reatha, agus mar bhealach le glúin nua a spreagadh chun na hoibre céanna.

Bhailigh Brian Mac Lochlainn thart ar 400 mionlogaímm i Reachlainn ó Alex Morrison (1915–2012) sna 1980idí agus sna 1990idí. Rugadh Alex i nGrianag, Albain. Nuair a fuair a mháthair bás, agus é trí bliana d'aois, cuireadh é go Reachraídhe [Reachlainn], áit ar thóig deirfiúr a athar é agus Gaeilge sa teach acu. Bhí an-saineolas aige ar mionlogaímmneacha an oileáin. Rinne Brian taifeadadh fuaimé de Alex agus é ag rá na logaímmneacha agus tá an taifead fuaimé sin ar fáil ar an suíomh.¹⁴ Tá measc na mionlogaímmneacha coitianta, tá poirt (Port an tSonais), páirceanna (Páirc na nEach), glaic (Glaic an Acair) agus enoic (Chnoc an Airgid).

Tá Jerome Lordan ina iascaire agus ina úinéir/threorai bád turasóireachta i gCionn tSáile, Co. Chorcaí, agus miontaigh déanta aige siúd ar stair agus ar logaímmneacha áitiúla a dhúiche féin. Is é Jerome an cùigiú bailitheoir aonair is bisiúla ar Mheithéal Logainm.ie go dtí seo agus 472 taifead cláraithe aige. I measc na samplai atá bailithe aige, agus baint ag go leor acu leis an gcósta, tá Cuaisín Daoine Báite, nascha le longbhriiseadh an Stonewall Jackson i 1868. Tagraíonn ainmneacha na n-ailtí, Fail an Aifreann Beag agus Fail an Aifreann Mór [sic], do charraig Aifrim nach bhfuil ann a thuilleadh. Bhailigh Lordan thart ar 60 ainn páirce ó fheirmeoir amháin.

In 2018 eagraíodh comórtas do dhaltaí iar-bhunscoile le sonrai maidir le mionlogaímmneacha i gceantair na scoile a ionchur ar Mheithéal Logainm.ie. Ba é Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh, faoi stiúir an mhúinteora Máire Clár Nic Mhathúna, a bhuaign an comórtas, agus chruthaigh siad 437 taifead móide 92 taifeadadh fuaimé. I measc na mionlogaímmneacha a bhailigh siad, tá carraigearcha (An Bhuilg Chaoch), scoilteanna (Scoilte a' Gharraí Bháin), aillte (An Bhinn Bhriste), garraithe (An Blár) agus poill (An Poll Dubh).

Úsáid na dtortháí

Bailíonn an Brainse Logaímmneacha fianaise ón Meitheal, de réir mar is féidir. Níl ról acu i mbailiú an ábhair agus níl siad freagrach as. Tá an t-ábhar uile ar fáil don phobal mar acmhainn taighde, ar ndóigh, agus is féidir le húsáideoir cláraithe ar bith cur le taifead nó leasuithe a mholaodh.

Ardaíonn Meitheal Logainm.ie níos mó ceisteanna ná mar a ardaíonn Meitheal Dúchas.ie. I gcás Dúchas, bíom an bhunfhoinsé ar an taifead agus níl sa tras-scribhinn ach cóip de. I gcás Mheitheal Logainm.ie, ní mór glacadh leis an bhfianaise a chuireann an t-úsáideoir ar fáil ach is deacrá atá sé an fhírinne a mheas. Má chuirtear eolas mícheart leis an mbunachar, beidh sé le feiceáil ag an saol mór agus tá an chontúirt ann go nglacfaidh úsáideoir eile leis mar eolas údarásach agus, fiú, mar eolas atá

¹⁴ Féach <https://meitheal.logainm.ie/ga/eolas/reachlainn/> [ceadaíte 6 Nollaig 2019].

faofa ag an mBrainse Logainmneacha. Cé gur gá clárú mar bhall den Mheitheal – ní cheadaítear úsaideoirí anaithnide – ní gá go mbeadh aon saineolas, aon traenáil, ná aon tuiscint ar an gcomhthéacs ag na baill sin. Fágann sé seo go bhfuil sonrai sa bhumachar atá neamhbheacht agus ionmarcach, chomh maith le hábhar atá an-luachmhar.

Táthar ag dul i ngleic leis an bhfadhb seo ar chúpla bealach. Ar an gcead dul síos, breathnáitear go cúramach ar aighneachtaí gach baill nuachláraithe. Ar an dara dul síos, tá rabhadh ar an suiomh féin maidir le stádas neamhdheimhnithe an ábhair. Agus ar an tríú dul síos, tá iarrachtaí déanta oilíunt a chur ar na baill maidir le conas is fearr taighde mionlogainmniochta a dhéanamh. Eagraiodh ceardlann dhátheangach in DCU ar an 17 & 18 Bealtaine 2018 chun cursáí mionlogainmneacha a phlé agus chun spléachadh a thabhairt ar an obair agus ar an taighde atá ar siúl sa réimse. Bhí idir bhaill de chumainn áitiúla oidhreachta agus staire, léachtóirí, mhic líinn, mhùinteoirí, staraithe, thaighdeoirí agus thireolaithe i láthair ag an ócaid sin. Tá lámhleabhar treorach á fhorbairt chomh maith, i gcomhar leis an mBrainse Logainmneacha.

Todhcháí na hoibre

Tá leasuithe suntasacha bearaithe do Mheitheal Logainm ie. Chomh maith leis an lámhleabhar a luadh thusa, curfear feabhas ar an gcomhéadan. Teastaíonn brabhsail agus cuardach níos fearr, chomh maith, le bealach níos éifeachtaí a aimsiú chun tortháí a liostú. Curfear rogha níos fearr mapai ann, léarscáil ortafótagrafaíochta don té atá ag iarraidh páirc faoi leith a aithint, mar shampla. Chuideodh straitheanna breise, ar nós teorainneacha bailte fearainn, leis seo, chomh maith. D'fhéadfadh an fhorm atá le lónadh isteach ag baill na Meithe a bheith níos cuimsithí, le spás d'iomhána, do naisc, agus do thras-scribhinni foghraocheata. Tá aiseanna breise mochnóireachte ag teastáil sa chúhra, freisin. Ó thaobh na slándála de, is féidir a rá go bhfuil sé d'acmhainn ag an tionscadal an tsreibhís agus na sonrai a óstáil (le cultaca) ar

infrastruchtúr úrscothach sa mheántréimhse. Fad is atá an tionscadal beo, ní thiocfaidh cartlannú/aircívü i gceist. Má thagann deireadh ionlán leis an tionscadal agus leis an sruth maoinithe, déanfar an acmhainn a reo agus a chartlannú áit a mbeidh fail sheasta air tarth an idirlíon go fadtréimhseach, ardán ar nós Taisclann Dhgiteach na hÉireann (DRI).

Meithleacha pobail: an fiú an tairbhe an trioblóid?

Is cinnite nach mbeadh grúpa taighde Gaois ná maoinitheoirí na dtionscadal ábalta agus sásta íoc as an méid a chosnódh tras-scriobh ar 230,000 leathanach in Dúichas. Má thíogann gach leathanach 10 nóméad, cuir i gcás, agus an t-iospá dlíthíuil i gceist (rud nach mbeadh), chosnódh gach leathanach €2 agus bheadh beagnach €460,000 caite agaínn faoin am seo. Ag ráta pá níos réadula, agus pinsean, forchostais, traenáil agus eile annas air sin san áireamh, bheadh an costas ní ba ghaire do €800,000. Bheadh ardchostas ag baint le taighdeoirí a chur amach fud fad na tire ag ballú mionlogainmeacha, chomh maith, gan trácht ar na dushláin riarrachán a bhainfeadh le tionscadal dá leithéid.

Tá go leor buntástí eile am, chomh maith. Tá na buntástí oideachais a bhaineann leis an dá mheitheal feicthe againn agus an deis a thugann siad don dalta, don mhac léinn nó don taighdeoir a láimha a shá isteach in amhábhar stairiúil a dhúiche. I gcás tionscadal atá maoinithe go poiblí, mar atá tionscadail uile ghrúpa taighde Gaois, tá dualgas ann an tionscadal agus na tortháí a chur i láthair a oiread den phobal agus is féidir. Déantar é sin ar na gnáthbhealaí, trí fhógraiocht, trí iad a chur i láthair sna méáin thraigisiunta agus i bhfoilseachán acadúla, agus ar na méáin shóisialta. Cuireann na meithleacha agus an spéis a mhúscloíonn siad leis na hiarrachtaí seo. D'fhás líon na gcuairteoirí chuig na suiomhanna de réir mar a d'fhás na meithleacha féin, rud a léiríonn an dlúthnasc idir an dá rud.

Agus, ar ndóigh, is é is priomhchúis leis an ábhar seo a chur ar fáil: gur leis an bpobal, agus le lucht labhartha na Gaeilge go háirithe, béaloideas agus logaimmeacha na tíre agus gur obair i

bpáirt a bhí i gceist leis sin riabh anall. Ba mheitheal a chrunthaigh Baiúchán na Scol; is iad na daoine a chum na mionlogainmneacha, agus is léiriú ó móis don traidisiún sin an t-ábhar a chur ar fáil chomh hoscailte agus is féidir. Bealach é leis an nasc sin a choinnéáil beo san aois dhigiteach. Mar a diúrt an Cadhnach leathchéad bliain ó shin, is cuid dár maribh iad:

Ba rud beo len a phearsantacht fein chuite lúibinn den bhóthar agus den bhóthairín, chuire sreach, chuire chnocaín, chuire chlochar agus beagnach chuire cloch agus is móir acu atá ann tsígh ar an mbaile fearainn. Ba chuid dháir marbh iad: bhi ár stair follasach iontu. Nil baite móra scéaltaich mar seo, ná irtséaltach, aithním an chré agus an chloch agus tá cumhne na scéalta agam a rinne chuire orlach bacard de chré agus de chloch a shaoirínniu in a gcuind obsoaitte dhiom fein, de mo phearsa fein, go brách. (Ó Cadhain 1969; 8)

TAGAIRTÍ

- Causer, T., Grint, K., Sichani, A.-M. agus Terras, M. (2018) “‘Making such bargain’: *Transcribe Bentham* and the quality and cost-effectiveness of crowdsourced transcription’. In: *Digital Scholarship in the Humanities* 33 (3): 468–487 [Idirlíon]. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1093/lhc/fqx064>.
- Causer, T. agus Terras, M. (2014) “‘Many hands make light work. Many hands together make merry work’: *Transcribe Bentham* and crowdsourcing manuscript collections’. In: Ridge, M. (ed.) *Crowdsourcing Our Cultural Heritage*. Farnham: Ashgate: 57–88.
- Estellés-Arolas, E. agus Gozález-Ladrón-de-Guevara, F. (2012) ‘Towards an Integrated Crowdsourcing Definition’. In: *Journal of Information Science* 38 (2): 189–200 [Idirlíon]. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1177/0165551512437638>.
- Franzoni, C. agus Sauermann, H. (2014) ‘Crowd science: The organization of scientific research in open collaborative projects’. In: *Research Policy* 43 (1): 1–20 [Idirlíon]. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.respol.2013.07.005>.
- Gaois.ie (2015) ‘Cúpla focal ó bhall den Mheitheal’ [Blag]. Ar fáil ag: <https://www.gaois.ie/blg/ga/cupla-focal-o-bhall-den-mheitheal/>.
- Gaois.ie (2017) ‘Tuairisc ó bhall de Mheitheal Dúchas.ie’ [Blag]. Ar fáil ag: <https://www.gaois.ie/www.gaois.ie/blg/ga/cupla-focal-o-bhall-den-mheitheal-duchas.ie/>.
- Ó Cadhain, M. (1969) *Páipeir Bhána agus Páipeir Bheaca*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar a d’fhoilsigh do Chumann Merriman.
- Ó Raghallaigh, B., Scannell, K. agus Dowling, M. (2019) ‘Improving full-text search results on *dúchas.ie* using language technology’. In: *Proceedings of the Celtic Language Technology Workshop 2019*: 63–69 [Idirlíon]. Ar fáil ag: <https://www.aciweb.org/anthology/W19-6909>.

- Perdana, A.P. agus Ostermann, F.O. (2018) ‘A Citizen Science Approach for Collecting Toponyms’. In: *ISPRS International Journal of Geo-Information* 7 (6): 222 [Idirlion]. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.3390/ijgi7060222>.
- Ryan, C., Duffy, C., Broderick, C., Thorne, P.W., Curley, M., Walsh, S., Daly, C., Treanor, M. agus Murphy, C. (2018) ‘Integrating Data Rescue into the Classroom’. In: *Bulletin of the American Meteorological Society* 99 (9): 1757–1764 [Idirlion]. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1175/BAMS-D-17-0147.1>.